☸An Lúibín☸

30 Eanáir 2009

Na heagraíochtaí
Irish is richly endowed with organisations. Now the Irish Government wants them to demonstrate their usefulness.

Tá bunmhaoiniú á fháil ó Rialtas na hÉireann ag naoi n-eagraíocht déag, agus orthu sin tá na heagraíochtaí móra – Conradh na Gaeilge, Gaelscoileanna Teo agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Tá measúnú á dhéanamh orthu sin agus ar sheacht gcinn eile agus é bunaithe ar cheistneoir féinmheasúnaithe, rud a thugann léargas ar an méid atá idir lámha ag na heagraíochtaí céanna.

B'fhéidir go ndéanfaí cuid de na heagraíochtaí a chomhnascadh i neireadh na dála, ach deirtear nach dtiocfaidh laghdú (fós) ar an mbunmhaoiniú féin - €8.7 milliún. Tugadh aird, áfach, ar an tuairim go bhfuil an iomarca eagraíochtaí ann, go háirithe agus géarchéim airgeadais ann.

Cibé socrú a dhéanfar ní dhéanfar gan mhoill é, agus tá súil ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge gur láidrede na heagraíochtaí an measúnú. Ní heol d'aon duine faoi láthair an é leas na Gaeilge é an oiread sin dreamanna a bheith i mullach a chéile ag cothú na teanga, cé go dtaispeánann sé an éagsúlacht atá ag baint leis na díograiseoirí. Tá tábhacht ar leith le Gaelscoileanna Teo agus tá údarás na staire leis an gConradh, ach is iomaí eagraíocht eile nach bhfuil an chosaint sin aici. Deirtear go bhfuil an tAire Gaeltachta ag smaoineamh ar threoir nua a thabhairt d'Údarás na Gaeltachta, rud a bhféadfadh toradh an-suimiúil a bheith air maidir le cothú fostaíochta (dualgas is féidir a leagan ar dhream eile) agus cothú cultúir.

Idir an dá linn tá daoine á gcur chun bóthair. Tá Pobal (eagraíocht a phléann le naí-scoileanna agus le naíonraí ar fud na tíre) ag cailliúint cuid foirne, agus tá an eagraíocht fhorbartha Cumas i mbaol i gConamara. Tá tua ghéar anois i lámh na Roinne.[1]

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Aire agus Aire eile
One Minister wants to drive Irish into the future, another hesitates about bilingual education.

Is léir nach gcuireann an ganntanas airgid eagla ar bith ar an Aire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, agus a fhios aige, gan dabht, nár chaill fear an mhisnigh riamh é. Tá na pinginí in easnamh, ach deir an tAire nach mór an an bac é sin ar an státchoiste atá ag plé leis an bPlean Fiche Bliain don Ghaeilge agus leis an bplean eile don Ghaeltacht. Tá siad sin le foilsiú amach anseo i mbliana. Tá an tAire leagtha amach ar pholasaí dána a chur i bhfeidhm.[2]

Is dóigh leis gur maith an rud é gur ar uair na práinne atá an Plean á ullmhu anois, cé go raibh an sparán níos teinne nuair a ceapadh an Plean ar dtús. Deir sé gur toradh maith a

[1] Féach Bridget Breathnach, 11/1/09, agus Máirtín Ó Catháin, 18/1/09, in *Foinse*.
[2] Féach tuairisc le hÁine Ní Chiaráin, *Foinse*, 11/1/09.

bheidh ar an nganntanas sa mhéid 'gur féidir a bheith níos radacúla'. Ní fios cén bhrí a bheadh leis sin go díreach, ach tá tréimhse shuimiúil romhainn.

Fágann sin cúrsaí oideachais, agus tá an tumoideachas ina chnámh spairne fós. Tá Uachtarán Chonradh na Gaeilge (agus eagarthóir *Feasta*), Pádraig Mac Fhearghusa, á mholadh don Aire Oideachais an luath-thumadh i nGaeilge a aithint mar chleachtadh fónta. Sa bhliain 2007 dúirt an Rialtas go gcaithfeadh bunscoileanna agus Ghaelscoileanna uair go leith de Bhéarla a mhúineadh do na naíonáin shóisearacha ón dara téarma scoile amach. Dhúisigh seo conspóid nár chríochnaigh fós. Deir Pádraig go dtreisíonn an luath-thumoideachas líofacht sa chéad teanga agus gur mór an chabhair duit é chun an dara teanga a thabhairt leat. Níor éirigh leis an Roinn Oideachais an méid sin a bhréagnú.

Botúin, earráidí agus iomrall

Ní hannamh mionearráidí ann agus is é an míchúram is cúis lena bhformhór. Shleamhnaigh botún cló isteach san eagrán deireanach sa phíosa *Tráth agus antráth*, para. 2: 'tá ag teip ar na heagraíochtaí Gaeilge **na** teanga a chur chun cinn i measc na bpobal'. Ba chóir **an** a bheith ann in ionad **na**, ar ndóigh, agus is dócha nach é sin an cleas deireanach den saghas seo a imreoidh púca an iomraill. Ba cheart 'nach mór scrúdú géar grinn ar chaitheamh na bpinginí' a léamh mar 'nach mór scrúdú géar grinn **a dhéanamh** ar chaitheamh na bpinginí' (para. 4). In eagrán na Nollag rinneadh tagairt don teagasc **Búdaí**: is é an teagasc **Búdaíoch** a bhí i gceist.

Éireannaigh óga aduaidh
Many more work visas are being granted in Australia to young Irish visitors.

Tá méadú mór tagtha ar líon na nÉireannach óg atá ag teacht ar saoire chun na hAstráile le víosa oibre. Fuarthas timpeall 12,790 víosa den saghas sin sa dara leath den bhliain 2008, 52% níos mó ná mar a fuarthas sa tréimhse chéanna sa bhliain 2007. Víosa é atá le fáil ag daoine atá 18 agus 30 bliain d'aois, agus is cosúil go bhfuil baint ag an méadú le meath an gheilleagair sa bhaile.[3]

Tá a chion féin déanta ag Tourism Australia chun Éireannaigh óga a mhealladh. Tá físeán le feiceáil ar na suímh Bebo agus Myspace agus é feicthe anois ag na milliúin.

Tá Rialtas na hAstráile tar éis 37% níos mó airgid a dháileadh ar eagraíochtaí a thugann seirbhísí d'inimircigh Éireannacha san Astráil. Ní ina rabharta a thagann na hinimircigh sin anois, ach tá siad líonmhar go leor chun gur fiú freastal a dhéanamh orthu, agus cuirfidh na droimphacadóirí lena líon – rud a d'fhéadfadh, ó am go chéile, cur le líon na nGaeilgeoirí.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

[3] '52% more young Irish people granted work holiday visas for Australia,' Conor Pope, *Irish Times*, 23/1/09.

An tSín – thuas, thíos agus thuas arís
China (Australia's salvation and despair) may, it is argued, be the first to recover from recession.

Seo céimeanna an timthrialla chaipitlígh, más fíor: meath an dóchais, laghdú ar theacht isteach, cliseadh gnólachtaí; ansin athbhorradh an dóchais, méadú ar theacht isteach, amhantraíocht fhiáin. Thuas seal agus thíos seal, agus faoi láthair táimid ag fulaingt an mheatha a bhí á thuar ag daoine críonna le tamall anuas, cé gur chuir luas na tubaiste iontas ar mhórán. Tá léiriú ar leith le fáil ar fáil ar fheidhmiú na ngeilleagar náisiúnta agus iad i bpráinn. Tá rialtais an Iarthair ar a ndícheall ag maolú na díobhála, agus is é an leigheas is ansa leo an 'pacáiste gríosaithe' – airgead stáit a scaipeadh go flaithiúil agus forais airgeadais a shealbhú más gá. An t-eacnamaí Maynard Keynes is minice a luaitear agus an obair seo ar siúl. Ach tá tréithe neamhchoitianta ag baint le geilleagar na Síne, de réir mar a deir tráchtairí ar nós Tim Swanson, Meiriceánach atá ina chónaí sa tSín agus é i lár an aonaigh dá bharr: féach http://mises/org/story/3293.

Is ait an duine é an gnáth-Shíneach, é ar bheagán fiach, é ag coigilt os cionn leath a theacht isteach. Níl aon trácht sa tSín ar iasachtaí scolaíochta, gluaisteán ná cártaí creidmheasa. Is beag rialtas áitiúil nó cúigeach sa tSín a mhaireann ar easnamh airgid. San Iarthar deirtear gur olc an rud é seo. Choigil na Sínigh an iomarca airgid, thug siad ar iasacht don Iarthar go saor é agus chuir seo an margadh as a riocht.

Ní gá a rá nár tháinig an tSín slán ón gcruachás. Tá na céadta monarcha ag dúnadh i nGuangdong, cúige na déantúsaíochta; tá na muilte cruach ag dul ar gcúl sa mhargadh a rinne siad le mianadóirí Astrálacha, agus ní féidir leis na Seapánaigh an conamar cruach is saoire féin a dhíol sa tSín. Tá an t-onnmhairiú ag lagú agus praghsanna tithe ag titim i ndiaidh a mullaigh – chomh mór le 40% i gcathracha cósta leithéid Shanghai agus 55% i mBeijing. Thit an tóin as an stocmhargadh.

Ní cosúil go bhféadfadh an geilleagar leanúint air ag borradh mar a bhí ar aon chuma, de bharr truailliú aeir agus easpa talaimh. Tá an iomarca muilte cruach ann, an iomarca monarcha suiminte, an iomarca déantúsóirí gléasra.

Déarfadh lucht Keynes (más fíor do Swanson) gur mithid don tSín stad den choigilt, rátaí úis a laghdú go náid agus tosú ag caitheamh go rabairneach ar earraí móra. Is fíor nach nósanna an Iarthair atá le fáil ann. A mhalairt ar fad. Ní raibh ionstraimí spleácha[4] á gceannach ann, bhí na bainc ag éileamh éarlaise idir 20% agus 30% ar thithe agus tá dhá thrian de na hiasachtaí maoinithe ag taiscí bainc (murab ionann is an scéal san Iarthar). Ní mór a chuimhneamh, áfach, gur suarach an teacht isteach atá an chuid is mó de na Sínigh. Tá an chuid is mó den airgead á saothrú ag baicle a bhfuil lámh isteach acu leis an rialtas, agus is uafásach an fhadhb í an dífhostaíocht, cuma cén rath a bheadh ar an ngeilleagar.[5]

Tá an Rialtas ag scaradh le comhlachtaí stáit agus leis na bainc náisiúnta, ag leasú chóras na dtailte (ag ceadú d'fheirmeoirí an talamh a úsáid de réir a dtola féin), ag déanamh díol gearr[6] agus trádáil chorrlaigh[7] dlíthiúil (a mhalairt atá á dhéanamh san Iarthar), ag éirí as caipiteal a stiúradh agus ag ligean le hearnáil an eastáit réadaigh. Mar chuid den obair seo, tá maoiniú stáit á roinnt go fial; tá comhlachtaí á scaoileadh ó na gnáthrialacha maidir le truailliú, le pá,

---

[4] *Derivatives.* Tá an Ghaeilge gann i dtéarmaí airgeadais, agus teastaíonn beagán cumadóireachta. Tá luach na n-ionstraimí airgeadais seo ag brath ar luach sócmhainní eile (morgáistí, mar shampla).
[5] 'China may have turned the corner,' John Garnaut, *Business Age*, 26/1/09.
[6] *Short selling*. Scaireanna a fháil ar cíos, iad a dhíol nuair atá praghas maith le fáil agus iad a cheannach ar ais nuair atá an praghas níos ísle.
[7] *Margin trading*. Fuillimh a cheannach le hairgead a fhaightear ar iasacht. Is é an brabach nó an corrlach an difríocht atá idir méid na hiasachta móide ús agus a bhfaightear de bharr dhíol na bhfuilleamh.

le pinsin agus le féimheacht; tá cead á thabhairt do rialtais áitiúla agus do ghnólachtaí áirithe a rogha rud a thógáil. Deirtear gur drochiarsmaí a leanfaidh seo: milleadh na timpeallachta, caimiléireacht, tógáil gan riachtanas; ach dáileadh ¥150 billiún ar na bochtáin, tá scaglanna glana á dtógáil agus tá an córas náisiúnta leighis le deisiú ó bhonn.

Sna Stáit agus i dtíortha eile tá na polaiteoirí ar a míle dícheall ag iarraidh an geilleagar a spreagadh le hór. Deir Swanson, áfach, gur ar iasacht ón tSín a fhaightear an chuid is mó den airgead; caitear é ar earraí a rinneadh sa tSín agus úsáideann na Sínigh an brabach chun bannaí stáit a cheannach ó Mheiriceá. Tá cothú an easnaimh i Meiriceá ag brath ar airgead Síneach.

Maíonn leithéidí Swanson gur lig an tSín do ghnólachtaí neamhfhónta dul i gcré. Anuraidh dhún 67,000 monarcha ar a laghad, agus d'fhill na sluaite ar an tuath, áit ar féidir le cuid acu obair éigin a fháil, cé gur bocht a gcás.[8] Sna Stáit, áfach, caitheadh $8 trilliún ar a laghad ag coinneáil na dé i gcomhlachtaí lofa. Áitítear, mar sin, gurb í an tSín is luaithe a thiocfaidh ar ais a seanléim, toisc go mbeidh caipiteal le fáil ag an gnólachtaí is mó éifeacht. B'fhéidir go mbeadh bun leis an scéal seo sa mhéid nach bhfuil na figiúirí chomh gránna anois is a bhí, agus gur díoladh an tseanchruach go leir scun scan le teann imní, rud a fhágann cruach nua gann anois. Ach ní bhuafar ar an meath gan dua, agus tá an-tábhacht le custaiméirí sa bhaile. An dara meath atá rompu, b'fhéidir.

Chuirfeadh athneartú na Síne áthas ar mhianadóirí na hAstráile, gan dabht, agus faoin am sin b'fhéidir go mbeadh ciall cheannaithe ag a lán againn. Idir an dá linn, is deacair a fheiceáil cén leigheas a d'oirfeadh don tír seo (agus an oiread sin daoine báite i bhfiacha) ach amháin an ceann Keynesach; agus cuimhnímis feasta, tar éis an tsaoil, gur fearr coigilt ná diomailt.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Bás dlíodóra

There are those in Russia who love both justice and their country; and there are those who love only the State.

Is beag dlíodóir Rúiseach a dtarraingeodh a bhás na mílte amach ar an tsráid ag déanamh léirsithe. Go háirithe nuair a tharla an léirsiú sa tSeitsnia, réigiún a rinne fórsaí na Rúise a chreachadh arís agus arís eile. Lámhachadh Stanislav Markelov tar éis dó agóid a dhéanamh ag preasagallamh i Moscó in éadan saoradh athoifigigh a dhúnmharaigh cailín Seitsniach sa bhliain 2000. D'fheidhmíodh Markelov ar son daoine a ndearna na húdaráis leatrom orthu, gníomhaithe cearta daonna, agus an iriseora misniúil Anna Politkovskaya, bean a dúnmharaíodh í féin de bharr ar scríobh sí faoi dhrochiompar na bhfórsaí Rúiseacha. Níor thaitin Markelov le hantoiscigh náisiúnacha ná leis an tSeirbhís Shlándála Chónaidhmeach (a dtugtaí an KGB orthu tráth). Níorbh fhada uaidh riamh fód a bháis.

Bhain Markelov le treibh na bhfíréan Rúiseach, dream a d'fhág a lorg ar shaol na tíre ó dheireadh an 18ú haois amach, d'ainneoin fheidhmeannaigh dhúra an Stáit. Níorbh fholáir an fhírinne a aimsiú agus a chosaint, an choinneal a choinneál ar lasadh. Sa chiall is leithne baineann na gníomhaithe úd leis an dream a dtugann Rúisigh *intelligenti* orthu, focal nach furasta a aistriú go teangacha eile: aos eagna, daoine a bhfuil lé acu le rudaí a chothaíonn an intinn agus an t-anam.

[8] Ag an am seo den bhliain filleann oibrithe ar an tuath ón gcathair chun an Bhliain Úr a cheiliúradh. Meastar go gcaillfidh 30 milliún duine acu ar a laghad na poist a bhí acu sna cathracha. Agus is lú an t-éileamh atá ar sclábhaithe tuaithe anois de bharr modhanna nua feirmeoireachta.

Tá an t-uafás fite fuaite i stair na Rúise; na deoraithe, na daoránaigh, na sluaite a fuair bás le gorta nó le hanfhorlann. Ní féidir an stair sin a léamh gan trua agus gan iontas, mar scéal a léiríonn dúinn an chuid is fearr agus is measa de nádúr an duine. Comhartha ar ansmacht an Stáit ba ea Stalín, ach níorbh eisean an chéad tioránach; déarfadh sé nach mbíonn dlí ar an riachtanas, agus is cinnte go bhfuil rian an mheoin sin le haithint fós ar oibriú na cumhachta sa Rúis: is beag idir smacht agus ansmacht, agus i ndeireadh na dála is é leas an Stáit an t-aon leas amháin. Dá ainneoin sin, tá dream ann a sheasann an fód ar son an chirt. Daoine ar nós Anastasia Barburova, an t–iriseoir óg a bhí ag iarraidh teacht idir Markelov agus a dhúnmharfóir agus a fuair bás dá bharr.

Bhí meas ag na Seitsniaigh ar Mharkelov, ach tá íoróin ag baint leis an duais iarbháis a thug an tUachtárán Seitsniach, Ramzan Kadyrov, don dlíodóir; tá an tUachtarán céanna ag brath ar thacaíocht na Rúise (cé nach ionann sin is a rá go bhfuil lánmhuinín acu as), agus d'fheidhmigh Markelov ar son daoine a d'fhulaing céasadh faoi lámh rialtas na Seitsnia. Deirtear fiú amháin (agus séantar) gur dúnmharfóir ón tír sin a rinne Anna Politkovskaya a lámhach. Ach má chloíonn neart ceart ní bhíonn an ceart gan chosaint, agus níor theip ar mhisneach na gcosantóirí fós.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Scoil Gheimhridh Merriman 2009

Téama: **Rachainn go Gaillimh— le filí agus le fonnadóirí**.

Dátaí: Dé hAoine 6/2/08 go dtí Dé Domhnaigh 8/2/09.

Ionad: Óstán Meyrick, Cathair na Gaillimhe.

Stiúrthóirí: Máire Ní Neachtain agus Liam Ó Neachtain.

Cuid dhílis d'éigse na Gaeilge an fhilíocht agus an amhránaíocht, agus braitheadh go raibh sé in am cuid saineolaithe a thabhairt le chéile chun an taobh is nua den scéal a phlé. Ní i dtéacsanna amháin is beo do dhánta agus d'amhráin ach sa saol mór chomh maith. Cois tinteáin a chloistí amhrán fadó; ar dhlúthdhiosca nó ar an Idirlíon is túisce a thagtar ar amhráin nua anois.

Tá breis taighde acadúil á dhéanamh le blianta beaga anuas, agus síleadh gur mhithid iniúchadh fuarchúiseach a dhéanamh ar chuid de na ceisteanna a tarraingíodh anuas dá bharr. Tá clár ilghnéitheach geallta, ceann a gcuirfidh lucht ceoil agus amhránaíochta suim ann. Níl na cainteoirí gan iomrá - an tOllamh Breandán Ó Madagáin, Peadar Ó Ceannabháin, an Dr Lillis Ó Laoire, Deirdre Ní Chonghaile, Muireann Nic Amhlaoibh, an Dr Louis de Paor agus an Dr Seán Crosson, údar an leabhair nua *The Given Note* a phléann tionchar an cheoil traidisiúnta ar fhilíocht na hÉireann. An file Gearóid Mac Lochlainn agus an píobaire Ronan Browne a rachaidh i gceann éigse agus cheol na Scoile faoi seach. Beidh Fóram ann do mhic léinn, agus faill ag taighdeoirí óga lena gcuid eolais ar an amhránaíocht a roinnt le mic léinn agus le daoine eile ar mhaith leo a gcuid taighde féin a dhéanamh.

Breis eolais: **www.merriman.ie**.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.